2024/2563

27.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2563 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 a mhéid a bhaineann le hábhar breise na bpleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta agus an phlean faireachais randamaithe náisiúnta, na pleananna sin agus na sonraí sin a chur isteach ag na Ballstáit agus íosmhinicíochtaí samplála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(3), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (d), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún ([2]), tá na Ballstáit le cineál na mbeart leantach atá déanta ag na húdaráis inniúla a sholáthar ina bpleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta agus ina bplean faireachais randamaithe náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hainmhithe nó táirgí de bhunadh ainmhíoch inar aimsíodh iarmhair neamhchomhlíontacha sna blianta roimhe sin. Toisc go bhfuil an fhaisnéis sin mar chuid de na sonraí a tharchuirtear chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('EFSA') agus chun tuairisciú dúbailte a sheachaint, ba cheart an fhaisnéis sin a áireamh sna sonraí a thraschuirtear chuig EFSA.

(2) Airteagal 7(2), an chéad fhomhír, pointe (b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, ceanglaítear go n-áireofar sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe forbhreathnú ar shonraí neamhchomhlíontachta a sholáthair EFSA. Ós rud é gur féidir leis na Ballstáit na sonraí sin a aisghabháil iad féin, níl gá leo a thuilleadh chun tagairt a dhéanamh do EFSA mar sholáthraí an fhorbhreathnaithe sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8, an chéad mhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, ní mór do na Ballstáit a bpleananna rialaithe agus a bplean faireachais a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun a shoiléiriú go bhfuil an plean faireachais le cur isteach freisin, ba cheart ceannteideal Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 a leasú.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 9, an chéad mhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, tá na Ballstáit leis na sonraí uile a bailíodh faoina bpleananna rialaithe agus a bplean faireachais a tharchur chuig EFSA. Ba cheart an oibleagáid sin a léiriú ar bhealach níos sainráite i bhfoclaíocht na forála sin.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus maidir le hábhar sonrach pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúil agus socruithe sonracha chun iad a ullmhú (IO L 248, 26.9.2022, lch. 32, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1646/oj).

(5) I gcreat an phlean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit, tá forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 le comhlíonadh ag na Ballstáit a mhéid a bhaineann le céatadán riachtanach de shamplaí le haghaidh ghrúpa substaintí A(3), pointe (b) a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún ([3]). Leis an ngrúpa sin cumhdaítear substaintí neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de le haghaidh na cóireála tréidliachta nó lena n-úsáid i mbeatha ainmhithe le haghaidh bia-ainmhithe, substaintí ar táirgí cosanta plandaí agus bithicídí iad, agus a fhéadfar a úsáid i bhfeirmeoireacht ainmhithe na mbia-ainmhithe. Ós rud é go bhféadfaidh na Ballstáit rialuithe oifigiúla na substaintí sin a áireamh faoi chreat rialála na gclár rialaithe náisiúnta ilbhliantúla maidir le hiarmhair lotnaidicíde i mbia agus i mbeatha ainmhithe, nithe a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2244 ón gCoimisiún ([4]), níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas maidir le híosmhinicíocht aonfhoirmeach de 5 % a leagtar síos sna forálacha breise in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 maidir le grúpa substaintí A(3), pointe (b).

(6) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 a leasú dá réir sin.

(7) Toisc go bhfuil baint ag na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 leis an mbliain féilire ábhartha, i gcás na bpleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta agus an phlean faireachais randamaithe náisiúnta araon, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo den chéad uair maidir leis na pleananna le haghaidh na bliana 2025. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘*Airteagal 7*

Ábhar breise na bpleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta agus an phlean faireachais randamaithe náisiúnta

1. Sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 6, agus sa phlean faireachais randamaithe náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 5, sonrófar an méid seo a leanas:

(a) na speicis atá le sampláil agus áit na samplála;

(b) an reachtaíocht náisiúnta i ndáil le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus, go háirithe, i ndáil lena dtoirmeasc nó lena n-údarú, lena ndáileadh, lena gcur ar an margadh agus lena riaradh, a mhéid nach bhfuil an reachtaíocht sin comhchuibhithe le reachtaíocht an Aontais;

(c) na húdaráis inniúla atá freagrach as na pleananna a chur chun feidhme.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh (IO L 248, 26.9.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1644/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2244 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta samplála maidir le hiarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha (IO L 453, 17.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2244/oj).

2. Sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 6, sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear i mír 1, déanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) réasúnú maidir leis na substaintí, na speicis, na táirgí agus na maitrísí roghnaithe a áiríodh sna pleananna ar bhonn na gcritéar a liostaítear in Iarscríbhinní II agus VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, lena n-áirítear réasúnú maidir leis an gcaoi ar cuireadh na critéir a liostaítear sna hIarscríbhinní sin san áireamh, fiú mura ndearnadh aon athruithe i gcomparáid le plean na bliana roimhe sin;

(b) réasúnú maidir leis an gcaoi ar cuireadh san áireamh cásanna neamhchomhlíontachta sa Bhallstát ábhartha a braitheadh sna 3 bliana féilire roimhe sin chun an plean a bharrfheabhsú.

I gcomhréir le hAirteagal 110(2) de Rialachán (AE) 2017/625 ní gá do na Ballstáit faisnéis a soláthraíodh cheana sa chuid ghinearálta de na pleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta a chur isteach.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Airteagal 8:

'**Na pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta agus an plean faireachais randamaithe náisiúnta a chur isteach agus meastóireacht a dhéanamh orthu**';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

'*Airteagal 9*

Cur isteach sonraí ag na Ballstáit

Faoin 30 Meitheamh gach bliain, tarchuirfidh na Ballstáit chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('EFSA') na sonraí go léir ón mbliain roimhe sin, lena n-áirítear torthaí comhlíontacha na modhanna scagtha i gcás nach ndearnadh aon anailís dheimhnitheach, arna mbailiú faoi na pleananna rialaithe agus an plean faireachais dá dtagraítear in Airteagal 3. Sna sonraí sin freisin beidh na cineálacha beart leantach a rinne na húdaráis inniúla a mhéid a bhaineann le hainmhithe nó táirgí de bhunadh ainmhíoch inar aimsíodh iarmhair neamhchomhlíontacha an bhliain roimhe sin.

Faoin 31 Lúnasa gach bliain, cuirfidh gach Ballstát bailchríoch ar bhailíochtú, ar athbhreithniú agus ar ghlacadh deiridh sonraí i gcórais stórtha sonraí EFSA.';

(4) in Iarscríbhinn I, sna 'forálacha breise', cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (b):

'(b) Maidir leis na rialuithe ar gach teaglaim d'fhoghrúpaí de shubstaintí Ghrúpa A agus de ghrúpaí tráchtearraí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, cuirfear i gcrích iad go bliantúil in 5 % ar a laghad de na samplaí a thógfar i gcomhréir le tábla na hIarscríbhinne seo le haghaidh an ghrúpa tráchtearraí sin. Níl feidhm ag an íoschéatadán seo maidir le cásálacha agus níl feidhm aige maidir le grúpa substaintí A(3), pointe (b), agus grúpa substaintí A(3), pointe (f) le haghaidh gach grúpa tráchtearraí.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN